

Tosaíochtaí na ngrúpaí parlaiminteacha: Grúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais



Físeán

https://multimedia.europarl.europa.eu/en/parliamentary-groups-identity-and-democracy_N01-PUB-190720-IDGR_ev

Grúpa nua sa Pharlaimint is ea Grúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais. Tá sé ar an gcúigiú grúpa is mó i bParlaimint na hEorpa.

Tháinig thart ar 200 milliún Eorpach amach le vóta a chaitheamh [sna toghcháin Eorpacha](#) an 23-26 Bealtaine, an ráta vótála is airde le 25 bliana anuas. Thug na toghcháin deis do vótálaithe tionchar a imirt ar chúrsaí polaitíochta san Aontas Eorpach nuair a thogh siad feisirí Eorpacha chun seasamh ar son a leasa go ceann cúig bliana.

Tar éis na dtoghchán, tháinig na feisirí le chéile i bhfoirm [grúpaí polaitiúla](#). Sna grúpaí sin, bíonn feisirí ó bhallstáit éagsúla bunaithe ar a gcleamhnachtaí polaitiúla. Chun go mbeadh stádas foirmiúil ag grúpa polaitiúil, ní mór go mbeadh ar a laghad 25 fheisire ann agus iadsan tofa in ar a laghad an ceathrú cuid de na ballstáit.

Féiniúlacht agus Daonlathas

Cuireadh [Grúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais](#) (ID) ar bun tar éis na dtoghchán i mBealtaine 2019. Téann an grúpa nua in ionad Eoraip na Náisiún agus na Saoirse (ENF) agus tá 73 feisire ann.

Tá an chuid is mó d'fheisirí an ghrúpa ina gcomhaltaí den pháirtí Lega san Iodáil, Rassemblement National sa Fhrainc agus AfD sa Ghearmáin. Toghadh an feisire Iodálach [Marco Zanni](#) ina chathaoirleach ar an ngrúpa i mí Iúil 2019. Dar leis an Uasal Zanni, is iad tosaíochtaí a ghrúpa ná “poist agus fás, slándáil agus dul i ngleic le hinimirce mhídhleathach”. Measann feisirí an ghrúpa freisin go mbaineann an iomarca maorlathais leis an Aontas Eorpach.

Níl duine ar bith de [leas-uachtaráin na Parlaiminte](#) ná de [chathaoirigh na gcoistí](#) ina gcomhalta de Ghrúpa na Féiniúlachta agus an Daonlathais.

Tuilleadh faisnéise

[Grúpaí polaitiúla na Parlaiminte](#)

[Torthaí na dtoghchán](#)

[Feisirí Eorpacha 2019-2024](#)